C/2024/7426

10.12.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine aonair atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh (AE). 747/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin

(C/2024/7426)

Dírítear an fhaisnéis seo a leanas ar na daoine aonair a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/450/CBES ón gComhairle [1], arna chur chun feidhme le Cinneadh (CBES) 2024/3113 ón gComhairle [2], agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 747/2014 ón gComhairle [3], arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3114 ón gComhairle [4], a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin.

An 8 Samhain 2024, chuir Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) arna bhunú de bhun Rún 1591 (2005) ó CSNA beirt le liosta na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

Féadfaidh na daoine aonair lena mbaineann, tráth ar bith, athbhreithniú a iarraidh ar an gcinneadh iad a áireamh ar liosta na Náisiún Aontaithe, mar aon le haon doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe arna bhunú de bhun Rún 1591(2005) ó CSNA. Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

Focal Point for De-listing
Security Council Subsidiary Organs Branch
Room DC2 2034
United Nations
New York, N.Y. 10017
United States of America
Tel.: +1 917 367 9448
Fax: +1 917 367 0460
ríomhphost: delisting@un.org

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach: https://www.un.org/securitycouncil/sanctions/2653.

Ag eascairt as cinneadh na Náisiún Aontaithe, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart na daoine aonair atá ainmnithe ag na Náisiúin Aontaithe a chur ar liostaí na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/450/CBES, arna chur chun feidhme le Cinneadh (CBES) 2024/3113, agus i Rialachán (AE) Uimh (AE). 747/2014, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3114. Na forais ar a ndearnadh na daoine aonair lena mbaineann a liostú, leagtar amach iad san iontráil ábhartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán.

Cuirtear in iúl do na ndaoine aonair lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suímh ghréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh (AE). 747/2014, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3114, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 6 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine aonair lena mbaineann iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle, in éineacht le doiciméadacht tacaíochta, gur cheart breathnú arís ar an gcinneadh iad a chur ar an liosta thuasluaite, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Dírítear aird na ndaoine aonair lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

---

(1) IO L 203, 11.07.2014, lch. 106.
(2) IO L, 2024/3113, 10.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3113/oj.
(3) IO L 203, 11.07.2014, lch. 1.
(4) IO L, 2024/3114, 10.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3114/oj.